

Bord Oideachais & Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh & Liatroma

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019



msletb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board

CLÁR

Réamhráite	1
Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma	2
Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma	5
Bonn Reachtúil	7
Struchtúr Geografach	8
Oibríonn BOOMSL na seirbhísí seo a leanas ar fud Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma:	9
Cuireann BOOMSL deiseanna Beatha agus Maireachtála ar fáil i:	10
Struchtúr na hEagraíochta	11
Ráiteas Seirbhísí	12
Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta (TFE)	12
Airgeadas	Error! Bookmark not defined.
Cuntais Bhliantúla	14
Seirbhísí Roinnte	14
Párolla	14
Way2Pay	14
Íocaíochtaí d'Fhoghlaimoirí	14
Taisteal & Cothú	14
Creidiúnaithe	14
Seirbhísí Corparáideacha	15
Toghcháin Boird BOOMSL	15
Polasaithe/Tuarascálacha a ullmhú:	15
Cláir Foirgneamh agus Caipitil:	16
Athbhreithniú Tionscadal TFC 2019:	16
Acmhainní Daonna	18
Achoimre Airgeadais	20
Príomhchaidrimh	20
Scoileanna BOOMSL	21
Cuid de na gníomhaíochtaí a gcuireadh i gcrích in 2019	22
Clár Críochnaithe Scolaíochta Mhaigh Eo Thuaidh agus Theas	24
Clár Chríochnaithe Scolaíochta Shligigh	26
Breisoideachas agus Oiliúint (BO)	27
Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna a fhorbairt i BOOMSL	27
Cláir BO	30

Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta (CIA)	30
Printíseachtaí	30
Cúrsa Oiliúna	30
An Scéim Deiseanna Gairm-Oiliúna (SDGO)	30
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO)	30
Bunoideachas do Dhaoine Fásta	30
Foghlaim Teaghlaigh	31
Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE)	31
Litearthacht do Dhaoine Fásta	31
Diantheagasc sa Bhunoideachas do Dhaoine Fásta	31
Oideachas Pobail	31
Oiliúint Sainscileanna	31
Ógtheagmháil	31
Ionaid Oiliúna Pobail	31
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	32
Scileanna don Obair (SDO)	32
Glúin an Cheoil	32
Ionaid Oideachais Allamuigh	32
Cúrsaí oíche agus ranganna oíche féinmhaoinithe	33
Clár Athlonnaithe Dídeanaithe	33
Obair don Óige	33
Seirbhísí Eile atá á gCur ar Fáil ag BOOMSL:	35
Seirbhís Treorach agus Faisnéise Oideachais Aosaigh	35
Comhoibriú le hInstitiúidí Eile	35
Rannpháirtíocht Fostóirí	35
Soláthar BO a Chomhthathú	36
Gluais	38
Foscríbhinn 1: Scoileanna, Ionaid agus Coistí BOOMSL	39
Foscríbhinn 2: Faisnéis Airgeadais	43

Réamhráite

Tá mé an-shásta Tuarascáil Bhliantúil 2019 Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMSL) a chur i láthair.

Deis is ea an tuarascáil seo aird a tharraingt ar an réimse leathan gníomhaíochtaí atá déanta ag scoileanna, ionaid agus seirbhísí BOOMSL le bliain anuas. Leagtar amach sa tuarascáil freisin gnéithe gaolmhara airgeadais agus bainistíochta corparáidí na hoibre a rinneadh i BOOMSL in 2019.

Ba mhaith liom an obair a rinneadh ar an Tuarascáil Bhliantúil seo a mholadh go hard agus gabhaim buíochas le gach comhalta ar Bhord BOOMSL agus iad ag leanúint, in éineacht leis an bhfoireann bainistíochta feidhmiúcháin agus gach bainisteoir agus ball foirne san eagraíocht, dá gcuid ama agus a gcuid tallainne a thabhairt faoi chroí d'fhonn Bord Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt atá tar éis a bheith i gcroílár an earnáil Oideachais agus Oiliúna sa réigiún seo in go leor bealaí le linn 2019. A bhuí do dhíograis agus tiomantas gach uile duine, féadfaimid a bheith cinnte de go mbeidh BOOMSL in ann tabhairt faoin dúshlán a bhaineann le seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán atá uilechuimsitheach, freagrúil agus nuálach a chur ar fáil don phobal.

Míle buíochas.
Mary Bohan, Cathaoirleach

Bhí rath agus fás ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMSL) le bliain anuas. Tá ard-bhainistíocht BOOMSL bunaithe go maith anois agus tá cur chuige réamhghníomhach i ndáil le seirbhísí a sholáthar curtha i bhfeidhm acu. Tá go leor dul chun cinn bunathraitheach i gceist leis an líon mór tograí úra a baineadh amach agus atá a mbaint amach ag BOOMSL. Leis an achoimre a thugtar ar sholáthar seirbhísí sa tuarascáil seo, léirítear an chaoi ina bhfuil BOOMSL ag leanúint le réimse leathan seirbhísí agus deiseanna a chur ar fáil dóibh siúd atá i mbun oideachais nó oiliúna, rud a chuireann go leor deiseanna iontacha ar fáil inár bpobal.

Le Ráiteas Straitéiseach BOOMSL, ina leagtar amach an treoir le haghaidh BOOMSL do na blianta 2018-2022, táthar ag cur leis an obair a rinneadh cheana. Táimid tiomnaithe do thacaíocht a chur ar fáil do dhaoine cur fúthu in Iarthar na hÉireann agus neartófar diongbháilteacht BOOMSL chun na críche sin leis an Ráiteas Straitéiseach.

Ní amháin go bhfreagraíonn BOOMSL riachtanais an phobail, ach tá sé ag barr an tslua in ndáil le hoideachas agus oiliúint a sholáthar i gcomhar le tionscal áitiúil, pobail agus páirtithe leasmhara eile. Léiriú ar obair chrua agus díograis ár meitheal oibre agus Comhaltaí Boird is ea ardchaighdeán ár soláthar agus na dtorthaí a bhaintear amach. Ba mhaith liom an méid sin a aithint mar aon leis an tacaíocht ó gach duine dár maoinitheoirí agus páirtí leasmhara eile agus tá mé ag súil go mór le 2020 agus le forbairt leanúnach BOOMSL.

Tom Grady,
Príomhfheidhmeannach

Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

Bunaíodh Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMSL) faoin *Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013* ('Acht 2013'). Tá an Bord freagrach agus cuntasach as treoir agus smacht ceart ar BOOMSL mar a leagtar amach iad san Acht, sa reachtaíocht náisiúnta agus i gCód Cleachtais na mBord Oideachais agus Oiliúna 2019 ('Cód Cleachtais 2019'). Deimhníonn BOOMSL sa Tuarascáil Bhliantúil seo go bhfuil na ceanglais suas le dáta ón gCód Cleachtais 2019 á gcomhlíonadh aige ina chuid gníomhaíochtaí agus nósanna imeachta agus deimhníonn sé freisin go bhfuil tuarascáil faoi rún ón gCathaoirleach curtha faoi bhráid an Aire.

Deimhníonn an Bord gur rinneadh iniúchadh ar a éifeachtaí is atá an córas rialaithe inmheánach i BOOMSL, agus deimhníonn sé freisin go bhfuil na ceanglais iomchuí ón gCód um Chaiteachas Poiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe á gcomhlíonadh aige. Tá BOOMSL tar éis a chuid ceanglais i ndáil leis an dlí cánach a chomhlíonadh. Deimhníonn BOOMSL freisin gur cloíodh le nósanna imeachta agus Polasaí um Sholáthar BOOMSL agus gur cuireadh Plean um Sholáthar Corparáideach i bhfeidhm.

Bhuail Bord 2015-2019 le chéile ceithre huaire in 2019, i gcomhréir le mír 3.4 den *Chód Cleachtais um Bhoird Oideachais agus Oiliúna a Bhainistiú 2015*. Is é Tom Grady an Príomhfheidhmeannach agus leagtar amach tinreamh gach Comhalta Boird anseo thíos:

Teideal	Dáta an Chruinnithe 19/02/2019	Dáta an Chruinnithe 16/04/2019	Dáta an Chruinnithe 04/06/2019	Dáta an Chruinnithe 27/06/2019	Líon na gCruinnithe a bhfreastalaíodh orthu in 2019
An Comhairleoir Seamus Kilgannon Cathaoirleach	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	4/4
An Comhairleoir Annie May Reape	As láthair	As láthair	As láthair	I láthair	1/4
An Comhairleoir Tom Connolly	As láthair	I láthair	I láthair	I láthair	3/4
An Comhairleoir Christy Hyland	As láthair	As láthair	I láthair	I láthair	2/4
An Comhairleoir Teresa McGuire	I láthair	I láthair	As láthair	I láthair	3/4
An Comhairleoir Teresa Whelan	I láthair	As láthair	As láthair	As láthair	1/4
An Comhairleoir Margaret Gormely	As láthair	As láthair	As láthair	As láthair	0/4
An Comhairleoir John Caulfield	As láthair	I láthair	I láthair	I láthair	3/4
An Comhairleoir Joseph Queenan	As láthair	I láthair	I láthair	As láthair	2/4

An Comhairleoir Mary Bohan	I láthair	I láthair	I láthair	As láthair	3/4
Teideal	Dáta an Chruinnithe 19/02/2019	Dáta an Chruinnithe 16/04/2019	Dáta an Chruinnithe 04/06/2019	Dáta an Chruinnithe 27/06/2019	Líon na gCruinnithe a bhfreastalaíodh orthu in 2019
An Comhairleoir Paddy O'Rourke	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	4/4
An Comhairleoir Enda Stenson	I láthair	As láthair	I láthair	As láthair	2/4
Donna Sheridan	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	4/4
Enda Cawley	I láthair	I láthair	As láthair	I láthair	3/4
Susan Finan	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	4/4
Gerard Murphy	I láthair	As láthair	I láthair	I láthair	3/4
Aisling McCabe	As láthair	As láthair	As láthair	As láthair	0/4
Paul Ainsworth	As láthair	As láthair	As láthair	As láthair	0/4
Malachy Molloy	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	4/4
Kieran O'Dowd	As láthair	As láthair	I láthair	As láthair	1/4
Sinead Dore	I láthair	I láthair	As láthair	I láthair	3/4

Leagtar amach sa tábla thíos Bord Nua a ainmníodh ar an 3 Meán Fómhair 2019, i gcomhréir le Mír 3.4 den Cód Cleachtais 2019, leagtar amach tinreamh gach Comhalta Boird anseo thíos:

Teideal	Dáta an Chruinnithe e 25/07/19	Dáta an Chruinnithe e 31/07/19	Dáta an Chruinnithe e 03/09/19	Dáta an Chruinnithe e 12/11/19	Dáta an Chruinnithe e 10/12/19	Líon na gCruinnithe a bhfreastalaíodh orthu in 2019
An Comhairleoir Mary Bohan Cathaoirleach	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
An Comhairleoir Sean Carey	I láthair	I láthair	I láthair	As láthair	As láthair	3/5
An Comhairleoir Tom Connolly	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
An Comhairleoir Christy Hyland	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
An Comhairleoir Richard Finn	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5

An Comhairleoir Chris MacManus	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
Seamus Kilgannon	As láthair	As láthair	I láthair	I láthair	I láthair	3/5 (ceaptha 03/09/2019)
An Comhairleoir Marie Casserly	As láthair	I láthair	As láthair	As láthair	I láthair	2/5
Teideal	Dáta an Chruinnith e 25/07/19	Dáta an Chruinnith e 31/07/19	Dáta an Chruinnith e 03/09/19	Dáta an Chruinnith e 12/11/19	Dáta an Chruinnith e 10/12/19	Líon na gCruinnithe a bhfreastalaíodh orthu in 2019
An Comhairleoir John Caulfield	As láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	4/5
An Comhairleoir Paddy O'Rourke	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
An Comhairleoir Enda Stenson	I láthair	As láthair	I láthair	As láthair	I láthair	3/5
An Comhairleoir Donna Sheridan	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
An Comhairleoir Rosaleen O'Grady	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	As láthair	4/5
Susan Finan	I láthair	I láthair	As láthair	As láthair	I láthair	3/5
Gerard Murphy	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
Pat Coffey	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
Nicole McGowan	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	5/5
Malachy Molloy	As láthair	As láthair	I láthair	I láthair	I láthair	3/5 (ceaptha 03/09/2019)
Pat Forde	As láthair	As láthair	I láthair	I láthair	I láthair	3/5 (ceaptha 03/09/2019)
Dr Jennifer Van Aswegen	As láthair	As láthair	I láthair	I láthair	I láthair	3/5 (ceaptha 03/09/2019)
Pamela Ni Thaidgh	As láthair	As láthair	As láthair	I láthair	As láthair	1/5 (ceaptha 03/09/2019)

Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMSL) ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha Acht 2013. De réir Mhír 51 den Acht, ceanglaítear ar an BOO gach gnáththaifead iomchuí a choimeád maidir le gach airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé, i gcibé foirm agus i leith na dtréimhsí cuntasáochta a shonróidh an tAire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ní mór don Bhord:

- (a) na gnáth-nósanna cuntasáochta a bhaineann le ráitis airgeadais BOO a ullmhú a chur i bhfeidhm,
- (b) breithiúnais agus meastacháin ciallmhar stuama a dhéanamh,
- (c) aon imeacht suntasach ó na gnáth-nósanna cuntasáochta a nochtú agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as cuntais chearta a choimeád a nochtfaidh, réasúnta cruinn, staid airgeadais an Bhoird ag am ar bith agus lena bhféadfaidh sé a áirithiú go bhfuil mír 51 den Acht 2013 á chomhlíonadh ag na Ráitis Airgeadais. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh d'fhonn calaois agus neamhrialtachtaí eile a aithint agus a chosc. Measann an Bord go gcuirtear ioncam agus caiteachais an Bhoird agus staid an Bhoird in iúl ar bhealach iomchuí sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

Ní dhearna an Bord measúnú ar phríomh-rioscaí an BOO in 2019, agus é ag ullmhú chun an méid sin a dhéanamh, áfach, d'iarr an BOO cabhair ó IPB in 2019 agus lorg sé treoir maidir le Cláir Riosca suas le dáta a dhréachtú. Tá ná Cláir Riosca do trí philéar an BOO á nuashonrú i láthair na huaire agus cuirfear Achoimre Chorparáideach ar na príomh-rioscaí faoi bhráid an Bhoird in 2020.

Tá gníomhaíochtaí feidhmeannacha agus coimeádta ag an mBord. Cuireann an Príomhfheidhmeannach gníomhaíochtaí feidhmeannacha i gcrích agus cuireann an Bord gníomhaíochtaí coimeádta i gcrích. Leagtar amach gníomhaíochtaí coimeádta i Mír 12(2) den Acht 2013.

An Coiste Airgeadais

Bunaíodh an Coiste Airgeadais i gcomhréir le Mír 45(1)(a) den Acht 2013. Tá cúigear chomhalta ar an gCoiste Airgeadais arb é is príomhfhreagracht aige athbhreithniú a dhéanamh ar ioncaim agus caiteachas BOOMSL. Cuireann Cathaoirleach an Choiste Airgeadais tuairisc faoi bhráid an phríomh-Bhoird.

Bhuail an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire in 2019. I gcomhréir le Mír 4.11 den Cód Cleachtais 2019, leagtar amach tinreamh gach Comhalta Boird anseo thíos:

Teideal agus Ainm	Dáta an Chruinnithe 27/3/2019	Dáta an Chruinnithe 29/5/2019	Dáta an Chruinnithe 22/11/2019	Dáta an Chruinnithe 9/12/2019	Líon na gCruinnithe a bhfreastalaíodh orthu in 2019
An Comhairleoir Mary Bohan	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	4/4
Sean Duffy	As láthair	I láthair	I láthair	I láthair	3/4
An Comhairleoir Paddy O'Rourke	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	4/4
An Comhairleoir Tom Connolly	I láthair	As láthair	I láthair	As láthair	2/4
An Comhairleoir Joe Queenan	As láthair	As láthair	As láthair	As láthair	0/4
John O'Malley	As láthair	As láthair	I láthair	I láthair	2/4

* Thóg John O'Malley áit Joe Queenan agus daingníodh an méid sin ag Cruinniú Boird BOOMSL ar an 12/11/2019.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Bunaíodh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca i gcomhréir le Mír 45(1)(b) den Acht 2013. Tá seisear chomhalta ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca arb é is príomhfhreagracht aige maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhFeidhmeannach agus a chuid feidhmeanna á gcur i gcrích aige. Buaileann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire in aghaidh na bliana agus eisiúnn sé Tuarascáil Bhliantúil chuig príomh-Bhord BOOMSL.

Bhuail an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire in 2019, i gcomhréir le Mír 7.18 den Chód Cleachtais 2019, leagtar amach tinreamh gach Comhalta Boird anseo thíos:

Teideal agus Ainm	Dáta an Chruinnithe 13/2/2019	Dáta an Chruinnithe 26/3/2019	Dáta an Chruinnithe 31/5/2019	Dáta an Chruinnithe 4/12/2019	Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2019
Des Mahon	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	4/4
Pearce O'Malley	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	4/4
Lauri Quinn	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	4/4
Seamus Kilgannon	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	4/4
An Comhairleoir Christy Hyland	As láthair	As láthair	As láthair	I láthair	1/4
Malachy Molloy	I láthair	I láthair	I láthair	As láthair	3/4

Bonn Reachtúil

Údaráis Reachtúla is iad na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) atá freagrach as oideachas agus oiliúint. Bainistíonn agus oibríonn BOOanna scoileanna dara-leibhéal, coláistí breisoideachais, scoileanna náisiúnta phobail ilchreidmheacha agus raon ionaid oideachais do dhaoine fásta agus ionaid eile ina gcuirtear cláir oideachais agus oiliúna ar fáil.

Leagtar amach feidhmeanna ginearálta BOOanna san Acht 2013. Bunaíodh BOOanna ar an 1 Iúil 2013, agus tháinig 16 BOOanna nua in áit na 33 Choiste Gairmoideachais (CGO) a bhíodh ann cheana. Tháinig ann do Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMSL) ag an bpointe sin nuair a cónascadh CGO Mhaigh Eo, CGO Shligigh agus CGO Liatroma. Tógadh Ionaid Oiliúna i Sligeach agus i mBéal an Átha, a bhíodh á n-oibriú roimhe sin ag FÁS agus ansin ag SOLAS, isteach in eintiteas nua BOOMSL.

Tá sé BOO dhéag ar an iomlán fud fad na tíre, mar a thaispeántar i bhFíor1 thíos.



Fíor 1: Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) in Éirinn

Struchtúr Geografach

Tá an t-achar geografach is mó i measc na BOOanna ar fad ag BOOMSL, clúdaíonn sé achar 9,014 km² ar an iomlán. Síneann sé ó Abhainn na Drobhaoise in aice Bhun Dobhráin go dtí leithinis Iorrais chomh fada leis an gCaolaire Rua agus anonn thall go dtí abhainn na Sionainne ag Cora Droma Rúisc. Freastalaíonn BOOMSL ar dhaonra 228,086 duine (POS 2016) agus tá a Cheannoifig lonnaithe i gCaisleán an Bharraigh, agus oifigí eile aige i Sligeach agus i gCora Droma Rúisc mar a leagtar amach sa léaráid thíos.

Suímh na Seirbhísí

Seo a leanas suímh na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag MSLETB:



A Coláiste Iar-Ardeistiméireachta (PLC)	K Clár Sainoilúna
B Ógtheagmháil	L Tionscnaimh Oilúna Áitiúla
C Éascaitheoirí Oideachais Pobail*	M An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)
D Music Generation	N Ionad Aosoideachais Bhunúsaigh
E Scileanna don Obair**	O Seirbhísí don Óige
F Soláthar Ranganna Oíche	P An Scéim Deiseanna Oilúna Gairmoideachais (VTOS)
G Ionaid Oilúna	Q An tSeirbhís Treorach agus Faisnéise um Aosoideachas (AEGIS)
H Iar-Bhunscoileanna	R Ionad Oideachais Allamuigh Acla
I Seirbhísí do Chomhairleoirí Gnó	
J Ionaid Oilúna Pobail	

Tá triúr Éascaitheoirí Oideachais Pobail ag feidhmiú laistigh de MSLETB, agus bíonn cúrsaí ar siúl i suímh éagsúla ar fud an trí chontae*
Tá beirt Éascaitheoirí Scileanna don Obair ag feidhmiú laistigh de MSLETB, agus bíonn cúrsaí ar siúl i suímh éagsúla ar fud an trí chontae**

Oibríonn BOOMSL na seirbhísí seo a leanas ar fud Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma:

Seirbhísí MSLETB



Seirbhísí atá ar Fáil

Deiseanna don saol agus don mhaireachtáil á dtairiscint in:



Struchtúr na hEagraíochta

Tá Bord BOOMSL freagrach agus cuntasach as treoir agus smacht iomchuí na heagraíochta. Is é an Príomhfheidhmeannach an t-oifigeach cuntaíochta le haghaidh BOOMSL agus tá tacaíocht aige ó Fhoireann Bainistíochta Shinseareach atá déanta suas de thriúir Stiúrthóirí.



Ráiteas Seirbhísí

Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta (TFE)

Is é atá mar ról ag Stiúrthóir Thacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta ná a bheith chun tosaigh i ndáil le tograí eagraíochta agus tograí straitéiseacha riaracháin a sholáthar, lena n-áirítear struchtúir, beartais, córais, tograí agus idirghabhála a chuireann le cumas BOOMSL spriocanna straitéiseacha a bhaint amach agus lena n-áirítear dea-chleachtais i Rialachas Corparáideach BOOMSL. Déantar an méid sin i gcomhar leis na Stiúrthóireachtaí Scoile agus Breisoideachais agus Oiliúna.

Le bliain anuas, tá athruithe tagtha ar an gcaoi ina bhfeidhmíonn TFE. Tá roinnt feidhmeannais Airgeadais tar éis teacht le chéile, lena n-áirítear Párolla a aistriú go Caisleán an Bharraigh; íocaíochtaí soláthróra a aistriú go Cora Droma Rúisc; agus Taisteal agus Cothú a aistriú go Sligeach. In 2020, tabharfaidh an roinn airgeadais tuilleadh tús áite do thionscadail a cuireadh tús leo in 2019, lena n-áirítear r-tairseach a cheannach, r-íocaíocht a thabhairt isteach le haghaidh clár sócmhainní seasta na gcreidiúnaithe agus duillíní pá ar líne. Tá an t-aistriú párolla go dtí Seirbhísí Roinnte Párolla le teacht, tá tús curtha leis an obair agus tá sé beartaithe go dtiocfaidh an córas i bhfeidhm i BOOMSL i lár na bliana 2021.

Leanann Seirbhísí Corparáideacha de thacaíocht a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach agus don Bhord, agus táthar ag leanúint leis an obair in go leor réimsí lena n-áirítear ár bpolasaí agus nós imeachta corparáideach a forbairt, tuairisciú reachtúil, suíomh gréasáin corparáideach nua, etc. Rinneadh cuid mhór soláthair eagraíochta, lena n-áirítear earraí agus seirbhísí TFC, mar aon le soláthar suntasach i ndáil le tógáil foirgnimh Scoile agus Breisoideachais agus Oiliúna agus bainistíocht ar roinnt tionscadail tógála. D'fhone sonraí na n-áitreabh agus léasanna ár BOOanna a rialú agus a ghabháil, tá clár réadmhaoine eagraíochta curtha le chéile.

Tá go leor ama á chaitheamh ag Seirbhísí Corparáideacha go fóill ar iarratais ag baint le Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise agus le réimse an árachais. D'fhone cabhrú le rioscaí agus guaiseacha a laghdú, agus d'fhone ullmhú le haghaidh fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn, cuireadh oiliúint sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm in go leor réimsí lena n-áirítear Traenáil Maoir Dóiteáin agus Garchabhair Oibre.

Tá líon suntasach folúntais san eagraíocht á bhfógairt ag Acmhainní Daonna (AD) go fóill, agus Grinnfhiosrúchán an Gharda mar thosaíocht. Rinneadh obair shuntasach i ndáil leis an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO) a aistriú agus leanfar leis an obair seo in 2020 nuair a thabharfar aghaidh ar cheist na riaráistí.

Tá tús curtha ag AD le tionscadal suntasach arb é is aidhm dó comhaid pearsanra a dhigitiú. Céim chun tosaigh a bheidh sa mhéid sin ó thaobh lóistíochta agus éifeachtachta de i ndáil le cleachtais oibre agus an lorg carbóin an laghdú. Áirítear Pinsin, Leithdháileadh Múinteoirí

agus roinnt poist Riaracháin, Múinteoireachta, Ceannaireachta agus Bainistíochta a líonadh leis na tionscadail reatha atá ag AD.

Chuidigh baill foirne TFE leis an Aonaid Iniúcháireachta Inmheánach-Boird Oideachais agus Oiliúna (All-BOO) roinnt iniúchta a dhéanamh in 2019 lena n-áirítear Soláthar agus Cuntais Bainc scoile.

Seo a leanas na feidhmeannais i ngach Roinn:

Airgeadas:

1. Párolla
2. Creidiúnaithe
3. Taisteal & Cothú
4. Bainistiú Cisteáin
5. Buiséadú & Réamháisnéisiú
6. Tuairisciú Airgeadais

Acmhainní Daonna:

1. Conarthaí / Saoire / Neamhláithreachtaí
2. Earcaíocht
3. Traenáil agus Forbairt Foirne
4. Pinsin
5. Caidreamh idir Fostaithe
6. Tuairisciú / Comhlíontacht AD
7. Grinnfhiosrúchán an Gharda
8. Leithdháileadh Múinteoirí

Seirbhísí Corparáideacha:

1. Tacaíocht ón Príomhfheidhmeannach / Bord Bainistíochta
2. Rialachas agus Comhlíontacht
3. Bainistiú Riosca
4. Soláthar
5. Foirgnimh agus Seirbhísí
6. Seirbhísí TF
7. Cumarsáid
8. Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise

Déantar cur síos anseo thíos ar roinnt de na príomh-thionscadail atá ar siúl i ngach roinn:

Airgeadas

Mar aon leis na gnáthimeachtaí laethúla a dhéantar sa roinn airgeadais, táthar ag leanúint leis an obair i ndáil leis na príomh-thionscadail seo a leanas:

Cuntais Bhliantúla

Cuireadh Dréacht-Cuntais 2019 BOOMSL faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoin 29 Márta 2019.

Seirbhísí Roinnte

Táthar ag leanúint leis an obair i ndáil le creat náisiúnta um sheirbhísí roinnte le haghaidh BOOanna a fhorbairt, lena gclúdófar seirbhísí párolla agus airgeadais. Rinneadh go leor obair “ullmhachta” chun go mbeifí in ann párolla a aistriú go dtí Seirbhísí Roinnte Párolla. Aistríodh párollaí míosúla go párollaí coicísiúla ón 1 Eanáir 2019. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh Seirbhísí Roinnte Párolla i bhfeidhm i lár na bliana 2021.

Párolla

I ndeireadh na bliana 2019 rinneadh na gníomhaíochtaí párolla a raibh á ndéanamh cheana sna trí oifig riaracháin a thabhairt le chéile san oifig i gCaisleán an Bharraigh agus rinneadh gach dáta pá a ailíniú i gcomhréir le dátaí na Seirbhísí Roinnte Párolla. Lean na feidhmeannais párolla agus AD le córas ar líne um bhainistiú éilimh agus conarthaí do bhaill foirne sna lonaid Breisoideachais a chur i bhfeidhm.

Way2Pay

Bhí oiliúint ar an uirlis admhála ar líne – Way2Pay – ar siúl i ngach scoil, chun cuidiú leo agus chun scoileanna a spreagadh úsáid a bhaint as an uirlis nua le linn na scoilbhliana nua. Le Way2Pay is féidir le tuismitheoirí íoc as rud ar bith amhail turais scoile, leabhair scoile agus níos mó, trí theachtaireacht téacs a sheoladh óna nguthán cliste.

Íocaíochtaí d’Fhoghlaimoirí

I ndeireadh na bliana 2019 rinneadh dul chun cinn i bpleananna i ndáil le híocaíochtaí d’fhoghlaimoirí sna hlonaid Foghlama Printíseachta a aistriú go próiseas párolla i gcomhréir le ceanglais na gCoimisinéirí Ioncaim. Cuireadh an tionscadal sin in bhfeidhm i gcéad ráithe na bliana 2020. Tá sé beartaithe go ndéanfar tuilleadh comhdhlúthaithe ar íocaíochtaí d’fhoghlaimoirí ar an leibhéal áitiúil le linn 2020.

Taisteal & Cothú

I ndeireadh na bliana 2019 cuireadh pleananna ar bun chun na feidhmeannais próiseála Taistil & Cothaithe a bhíodh bunaithe sna trí oifig riaracháin a thabhairt le chéile san oifig chéanna i Sligeach. Bhí an méid sin le críochnú i gcéad ráithe na bliana 2020.

Creidiúnaithe

I ndeireadh na bliana 2019 rinneadh na feidhmeannais um íocaíochtaí soláthraithe a bhíodh ar siúl sna trí oifig riaracháin a chomhdhlúthú san oifig céanna i gCora Droma Rúisc, rud a éascóidh tuilleadh feabhais ar na nósanna imeachta le linn 2020.

Seirbhísí Corparáideacha

De dhroim príomh-ghníomhaíochtaí Seirbhísí Corparáideacha dá ndéantar cur síos thuas, rinneadh dul chun cinn i ndáil leis na príomh-thionscadail seo a leanas in 2019:

Toghcháin Bhord BOOMSL

In 2019, rinne Seirbhísí Corparáideacha riarachán, bainistiú agus éascú ar thoghchán Bhord BOOMSL. Mar a leagtar amach san Acht 2013, tá an Bord déanta suas de 12 chomhalta ó na hÚdaráis Áitiúla i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim, 5 chomhalta ó chomhlachtaí arna sonrú ag an Aire a bhfuil eolas nó suim speisialta acu san oideachas agus oiliúint, 2 ionadaí foirne agus 2 ionadaí tuismitheora.

Comhthionsaíodh agus ceapadh ainmniúcháin na nÚdaráis Áitiúla ar an mBord agus rinne an Bord na hainmniúcháin ó na comhlachtaí arna sonrú ag an Aire a riaradh agus a bhallódú. D'fhorbair Seirbhísí Corparáideacha Clár Toghchán Foirne agus chuir siad Toghchán Foirne ar siúl laistigh de BOOMSL, ainmníodh beirt bhall foirne agus toghadh iad ar an mBord mar thoradh. Toghadh ionadaithe tuismitheoirí ó na scoileanna agus bhí Bord nua BOOMSL curtha i gcrích.

Soláthar:

- D'fhorbair Seirbhísí Corparáideacha Plean Soláthair Chorporáidigh le haghaidh BOOMSL agus chuir siad an plean sin in bhfeidhm i gcomhréir leis na riachtanais a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Bhainistiú BOOanna (CL 0002/2019). Cabhróidh an plean le BOOMSL spriocanna straitéiseacha praiticiúla le haghaidh soláthar níos fearr agus beartais iomchuí chun na spriocanna sin a bhaint amach a leagan amach. Tá anailís ar chaiteachas soláthair agus struchtúir soláthair agus ceannaigh na heagraíochta mar bhonn ag an bplean, agus leis an bplean éascaítear pleanáil do na riachtanais todhchaí um sholáthar tríd an bPlean Soláthair Ilbhliantúil (PSIB) 3 bliana.
- Cuireadh réimse tionscadail soláthair eagraíochta i bhfeidhm lena n-áirítear na tionscadail seo a leanas: TFC, FRC, Trosán Scoile, Leabhair Scoile, Sláinte & Folláine, Comhairleacht, Mionthionscadail Oibre, an Soláthar um Shuíomh Ghréasáin a Fhorbairt, Óstáil agus Tacaíocht agus Cothabháil.

Polasaithe/Tuarascálacha a ullmhú:

Críochnaíodh An Plean Seirbhísí 2019, An Tuarascáil Bhliantúil 2018, An Cód Iompair, An Polasaí um Úsáid TFC, Calaois agus Frith-Éiliú, An Chairt Custaiméirí etc. sa bhliain 2019.

Cosaint Sonraí:

- Leathadh oiliúint RGCS amach ar fud na heagraíochta.
- Forbraíodh Lámhleabhar RGCS le haghaidh scoileanna agus scaipeadh é.
- Rinneadh roinnt larratais um Rochtain ar Sonraí agus larratais um Shaoráil Faisnéise chasta a phróiseáil agus a chríochnú i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.

Cláir Foirgneamh agus Caipitil:

Cuireadh tús le breis-oibreacha oiriúnaithe inár gcuid scoileanna ag Coláiste Naomh Tiernan Crois Mhaoilíona, Iar-Bhunscoil Chúl Dheá agus Coláiste Iascaigh. Rinneadh dul chun cinn in Iar-Bhunscoil na Gráinsí tar éis don Fhoireann Deartha a bheith ceaptha agus rinneadh dul chun cinn i bPobalscoil Naomh Sheosaimh, Baile an tSiarlaigh nuair a ceannaíodh an Réadmhaoin sin ón sean-úinéir. Cuireadh iarratais isteach ar oiriúint agus athchóiriú breise ar an gcóiríocht reatha ag Carraig Álainn, Coláiste Naomh Tiernan Crois Mhaoilíona, Coláiste Bhreandáin Béal an Mhuirthead agus Coláiste Pobail Bhéal Átha an Fhóid Sligeach.

Críochnaíodh oibreacha ag Coláiste Corran, Coláiste Moyne, agus Coláiste Naomh Pádraig Lacken Cross mar chuid den scéim oibreacha samhraidh.

Rinneadh leasú ó bhonn ar chlárúcháin Fheidhmiúcháin Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (UFIÉ) i ndáil le méadair leictreachais agus gais i scoileanna agus ionaid.

Athbhreithniú Tionscadal TFC 2019:

Lean BOOMSL le córais TFC a uasghrádú agus a fheabhsú ina chuid scoileanna, ionaid agus oifigí riaracháin in 2019. Chuir BOOMSL FGL ar fáil don mheitheal oibre ar gach pacáiste bogearraí nua lena n-áirítear Teams, SharePoint agus Microsoft 365.

Tionscadail Bonneagair a Críochnaíodh:

- Cuireadh líonra bainistithe gan sreang i bhfeidhm i ngach scoil BOOMSL.
- Rinneadh lasca gréasáin a uasghrádú ag roinnt Scoileanna agus Ionaid
- Rinneadh infreastruchtúr cáblaí gréasáin a uasghrádú ag roinnt Ionaid Breisoideachais.
- Rinneadh ríomhairí glúine a chúltacú agus a dháileadh sa Roinn Breisoideachais.
- Dáileadh tralaithe ríomhairí glúine ar Scoileanna agus Ionaid Breisoideachais.
- Uasghradaíodh ríomhairí deisce ag roinnt Scoileanna agus Ionaid
- Uasghradaíodh gach ríomhaire foirne in Oifig Riaracháin Chaisleán an Bharraigh agus suiteáladh Windows 10 Pro.
- Suiteáladh ríomhairí uilechuimsitheacha san Ionad Breisoideachais nua i gClár Chlainne Mhuris.
- Suiteáladh thart ar 50 teilgeoir i Scoileanna agus Ionaid.
- Uasghradaíodh na córais teileafóin in roinnt Ionaid Breisoideachais agus Riaracháin ón gcóras traidisiúnta PBX go dtí córas VoIP.
- Suiteáladh suiteáil brainse reatha, Bainisteoir Lárchumraíochta Córais (BLC). Leis an gcóras seo is féidir uasdátaithe córais ar gach ríomhaire agus gléas póca i BOOMSL a bhainistiú agus a dhéanamh go huathoibríoch ar bhealach lárnach, agus samhail ríomhaire bainistithe a chruthú. Cuirtear seirbhís uasdátaithe uathoibríoch ar fáil do gach Freastalaí Fíorúil ar ghréasán BOOMSL ar fáil freisin le BLC.
- Uasghradaíodh gach ríomhaire deisce agus glúine i BOOMSL ó Windows 7 go dtí Windows 10 ag baint úsáide as samhail ríomhaire nua a cruthaíodh le BLC.
- Cuireadh réiteach le haghaidh gléasanna móibíleacha i bhfeidhm agus cuireadh gach gléas móibíleach (ríomhairí glúine agus táibléid) leis, leis an gcóras seo is féidir gach gléas a bhainistiú agus a rialú ó chian.

- Thosaigh BOOMSL le scoileanna a aistriú go “scoileanna néalríomhaireachta amháin” ag baint úsáide as Azure AD agus Intune. Aistríodh dhá scoil go hiomlán agus aistríodh formhór na n-Ionad Breisoideachais ó chórais “san áitreabh” go dtí Ionaid Néalríomhaireachta amháin.
- Rinneadh tuilleadh forbartha ar inlíon BOOMSL (arna tógadh ar an ardán SharePoint) agus aistríodh doiciméid ón áitreabh go dtí an córas néalríomhaireachta.
- Críochnaigh BOOMSL tairiscint le haghaidh Suíomh Ghréasáin a dhearadh agus cuireadh tús le suíomh gréasáin BOOMSL a athdhearadh, mar aon le roinnt suíomhanna gréasáin scoile athdhearadh.
- website, MSLETB also started the redesign of a number of school websites.

Oiliúint TFC agus FGL 2019:

- **Breisoideachas** - Seachadadh Cúrsa Forbartha Gairmiúla chun tacú le Foghlaim Ríomhchuidithe i 8 n-ionad. Oiliúint le haghaidh Office 365 le haghaidh baill foirne Ionad Breisoideachais sna hionaid áitiúla.
- **Scoileanna** - Oiliúint Office 365 don fhoireann oibre
- **Riarachán** - Táthar ag leanúint le hoiliúint TFC don fhoireann oibre TFE in Microsoft Excel agus Microsoft 365 in oifigí Chaisleán an Bharraigh, Chora Droma Rúisc agus Shligigh

Acmhainní Daonna

Cuireann an Roinn Acmhainní Daonna réimse iomlán seirbhísí ar fáil le haghaidh baill foirne BOOMSL agus tacaíonn sé le Bainisteoirí i gColáistí / Ionaid. Áirítear an méid seo a leanas leis na seirbhísí sin, ach níl siad teoranta don mhéid seo amháin:

- Earcaíocht (Bainistíocht, Múinteoireacht, Teagasc, Cúntóirí Riachtanas Speisialta, Riarachán, Cothabháil agus poist eile) le haghaidh formhór na bpost san eagraíocht.
- Bainistiú ar chonarthaí do gach catagóir foirne, ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta, ar chomhaontaithe náisiúnta a chur i bhfeidhm etc. Áirítear leis an méid sin bainistiú ar gach Conradh sealadach ar an gCóras Múinteoirí Páirtaimseartha, lena n-áirítear ionadaíocht le haghaidh Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta.
- Ríomhanna scoir agus aoisliúntais a dhéanamh do gach ball foirne, meastacháin a chur ar fáil, iarratais scoir de dheasca drochshláinte a phróiseáil, riachtanais um scéimeanna pinsin a riaradh.
- Leithdháileadh Múinteoirí don scéim arna bhainistiú ag oifig Liatroma. Ar áireamh leis an méid sin bhí miondealú ar an leithdháileadh idir scoileanna; Faomhadh fógraíochta; Liostaí Sinsearachta a Uasdátú, Fógraí a chur ar Sharepoint chun go mbeadh gach oifig in ann na liostaí a uasdátú agus agallaimh á ndéanamh; Úsáid Dheireanach don bhliain scoile 2018/2019.
- Nithe ag baint leis an gcaidreamh idir fostaithe lena n-áirítear caidrimh tháirgiúla oibre leis na príomh-cheardchumainn san earnáil a chothabháil, comhairle a chur ar bhainisteoirí agus fostaithe maidir le ceisteanna ag baint le caidrimh idir fostaithe.

Bhí ardleibhéal gníomhaíochta sa Roinn Acmhainní Daonna in 2019 lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

Aistriú TFO: Tar éis do chomhaontú náisiúnta a bheith bainte amach idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Aontas Múinteoirí Éireann, cuireadh tús le teagascóirí a bhí gafa le clár TFO a aistriú go dtí poist Múinteoirí Oideachais Aosaigh. Táthar ag súil leis an tionscadal sin a bheith críochnaithe in 2020.

Grinnfhiosrúchán an Gharda: Phróiseáil AD 1,710 iarratas ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda ar an iomlán in 2019 – próiseáladh 1,004 iarratas in Oifig AD BOOMSL Liatroma agus próiseáladh 706 iarratas in Oifig AD Shligigh.

Earcaíocht: Bhí earcaíocht shuntasach ann thar na trí philéar in 2019: Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta. Chuir BOOMSL níos mó

ná 280 comórtas earcaíochta ar siúl in 2019, agus phróiseáil an Roinn AD níos mó ná 2,100 iarratais poist.

Pinsin: D'imigh 15 duine ar scoir in 2019, rud a d'fhág go raibh pinsin indibhidiúla agus íocaíochtaí cnapshuime le ríomh. D'fhreastail 4 bhall foirne AD ar oiliúint pinsin arna gcur ar fáil go díreach ag Seirbhís Pinsin na n-Údaráis Áitiúla agus freastalóidh 2 bhall foirne eile ar an oiliúint sin in 2020.

An Roinn AD a Athchóiriú: Tá róil shoiléir leagtha amach sa roinn, sna trí chontae. Tá méadú tagtha ar aschuir mar thoradh. Tá struchtúir curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun go mbeidh BOOMSL in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a dtiocfaidh chun cinn amach anseo.

Réitigh Láraithe do Dhoiciméid (RLD): Cuireadh an córas RLD, lena bhfuiltear in ann aon éileamh ar thuarastal páirtaimseartha a phróiseáil go leictreonach, i bhfeidhm i Roinn Breisoideachais agus Oiliúna BOOMSL in 2019. Tá an córas sin in úsáid anois ag na hiar-bhunscoileanna go léir agus ag formhór na gclár Breisoideachais agus Oiliúna agus tá oiliúint le cur ar líon beag acu siúd in 2020. Mar chuid den chóras déanann an fhoireann AD ionchur suntasach i ndáil le monatóireacht agus faomhadh. Tá sé aitheanta go bhfuil méadú suntasach tagtha ar a éifeachtaí is atá an chaoi ina bpróiseáiltear éilimh ar thuarastail páirtaimseartha ar fud na hEagraíochta mar thoradh ar an gcóras seo.

Achoimre Airgeadais

Tá BOOMSL maoinithe don chuid is mó ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) chun cláir dara leibhéal, SOLAS agus Breisoideachais agus Oiliúna a chur ar fáil.

In 2019, tháinig maoiniú le haghaidh roinnt tionscadail ó Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile lena n-áirítear:

- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An Roinn Sláinte

Bailítear airgead freisin trí táillí a ghearrtar ar sheirbhísí, amhail táillí teagaisc, cíos ar sheomraí agus gníomhaíochtaí ag an leibhéal áitiúil.

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Cistí (C&AG) iniúchadh bliantúil ar BOOMSL agus cuireann sé tuarascáil maidir le maoirseacht airgeadais an Bhoird faoi bhráid an Oireachtais.

Tá BOOMSL freagrach as cuntais a choinneáil agus tá a chuid dualgais faoin reachtaíocht ioncaim á gcomhlíonadh ag BOOMSL.

Príomhchaidrimh

Is mór ag BOOMSL na caidrimh atá déanta le mórfháirtithe leasmhara san earnáil phoiblí agus phríobháideach. Mar chuid de sin, téann BOOMSL i mbun comhairliúcháin, gníomhaithe agus comhoibrithe le réimse leathan gníomhaireachtaí poiblí agus soláthróirí oideachais agus oiliúna. Oibríonn BOOMSL i ndlúthchomhar leis na trí húdarás áitiúla laistigh dá limistéar feidhme agus tá socrúcháin comhpháirtíochta déanta ar roinnt tionscadail amhail Glúin an Cheoil agus Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Shligigh.

Oibríonn BOOMSL i ndlúthchomhar freisin leis na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla, le Coistí Comhpháirtíochta Áitiúla, Comhpháirtíocht *LEADER* Shligigh, Comhlacht Forbartha Iomlánaithe Liatroma, Cuideachta Comhpháirtíochta Oirthuaisceart Mhaigh Eo, Cuideachta Comhpháirtíochta Iardheisceart Mhaigh Eo, An Fóram um Scileanna Réigiúnacha, FIT (*FastTrack to Information Technology*) agus Oifigí Fiontair Áitiúil. Tá ionadaíocht ag BOOMSL freisin ar bhoird rialacháin Institiúid Teicneolaíochta Shligigh agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo.

Le linn na bliana, d'oibrigh BOOMSL i gcomhar le go leor eagraíochtaí agus institiúidí trí uaireanta teagaisc nó cabhair airgeadais a sholáthar. Áirítear ar na heagraíochtaí sin Seirbhísí Óige, Ceardlanna Oiliúna Pobail agus an Lónra Náisiúnta um Fhoghlaim.

Tuigtear do BOOMSL an luach a bhaineann leis na naisc sin, agus táthar ag leanúint le naisc den chineál sin a fhorbairt chun a áirithiú go mbeidh na seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna atá ar fáil oiriúnach do riachtanais na n-earnáil éagsúla agus chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh ár gcuid daltaí in ann fóstaíocht ábhartha fhiúntach a fháil.

Scoileanna BOOMSL

Tá BOOMSL freagrach as 19 n-iar-bhunscoil a oibriú i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim. Tá dhá Choláiste Breisoideachais neamhspleácha ar áireamh san fhigiúir sin, Coláiste Breisoideachais Chathair na Mart agus Coláiste Breisoideachais Chonnachta Thuaidh. Le haghaidh sonraí maidir le scoileanna BOOMSL, féach ar Foscríbhinn 1.

Cuirtear atmaisféar fáilteach uilechuimsitheach ar fáil i scoileanna BOOMSL, tá siad tiomnaithe ar oideachas agus foghlaim den chaighdeán is airde a sholáthar, agus trí cheannaireacht láidir scoile tá siad tiomanta deimhin a dhéanamh de go mbainfidh gach dalta barr a gcumas amach. Tá foireann múinteoirí ardcháilithe ar ardaithí ag BOOMSL, atá tiomnaithe do ghaisce a dhéanamh, dóchais a spreagadh, deiseanna a chur ar fáil agus na riachtanais ag gach duine dár ndaltaí a chomhlíonadh i suíomhanna lácha tacúla. Mar aon le timpeallacht láidir acadúil agus cruthaitheach a chur ar fáil, tá gníomhaíochtaí cultúrtha agus spóirt seach-churaclaim ag gach ceann dár gcuid scoileanna.

Cuirtear na cláir seo a leanas ar fáil inár n-iar-bhunscoileanna:

- Clár an Teastais Shóisearaigh
- Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
- Clár na hIdirbhliana
- Clár na hArdteistiméireachta
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí.

Cuirtear réimse leathan ábhar suas go leibhéal na hArdteistiméireachta ar fáil inár gcuid scoileanna.

Ina theannta sin, cuireadh réimse Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta (CIA) ar fáil in go leor dár gcoláistí, rud a léirigh cumas BOOMSL freagairt a thabhairt ar riachtanais luathfhágálaithe scoile agus foghlaimoirí fásta ar bhealach nuálach fiúntach.

Tá an líon daltaí i scoileanna BOOMSL láidir go fóill, agus níos mó ná 5,509 daltaí iar-bhunscoile agus CIA curtha leis an rolla in 2019.

Cuid de na gníomhaíochtaí a gcuireadh i gcrích in 2019

Dioplóma larchéime sa Treorú agus sa Chomhairleacht

D'óstáil BOOMSL an Dioplóma larchéime sa Treorú agus sa Chomhairleacht mar fo-rochtain ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá an clár bunaithe i Sligeach, thosaigh sé i mí Meán Fómhair 2019 agus beidh sé críochnaithe in 2020. Deis iontach a bhí ann do mhúinteoirí an Dioplóma seo a chríochnú go háitiúil.

An tSraith Shóisearach Nua

Ghlac scoileanna BOOMSL páirt sna grúpaí um fhorbairt gairmiúil leanúnach arna gcur ar fáil ag Foireann na Sraithe Sóisearaí chun tacú le Creat na Sraithe Sóisearaí a chur i bhfeidhm. Fuarthas aiseolas dearfach ó na seisiúin sin.

Tionscnamh BOOMSL um Fholláine

D'oibrigh BOOMSL i gcomhar lenár soláthróir Leighis Gairme Medmark don tionscnamh seo. Tá tábhacht ag folláine agus sláinte gach duine dár mbail foirne chun go leanfar le rathúlacht ár n-eagraíocht. I gcomhthéacs na saolta gnóthacha againn, deis iontach a bhí sa tionscnamh seo do gach indibhidiúil níos mó ama a chaitheamh ag luí isteach ar an bhfolláine pearsanta. Eagraíodh scagthástálacha sláinte, cainteanna folláine agus ceardlanna folláine mar chuid den tionscnamh.

Poist Freagrachta Ceannaireachta agus Bainistíochta

Tá poist a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo i ndáil le ceannaireacht, bainistíocht agus riarachán ar scoileanna ag Leas-Príomhoidí 1 & 11. Cheap BOOMSL líon ard Post Leas-Phríomhoidí 1 in 2019. Cuireadh cúrsa oiliúna cuimsitheach ar fáil do gach leas-phríomhoide nua agus gach leas-phríomhoide a bhí ann cheana. Joe O'Connell a d'éascaigh an oiliúint seo agus i gCoillte Mach a rinneadh é.

TFC & Office 365

Rinneadh infheistíocht shuntasach i gcrua-earraí agus infreastruchtúr TFC i ngach scoil. Cuireadh tacaíocht/oiliúint scoilbhunaithe Office 365 ar fáil do mhúinteoirí BOOMSL. Leis an oiliúint seo, tugadh eolas agus scileanna do mhúinteoirí chun an teicneolaíocht agus foghlaim dhigiteach a dhaingniú i lár a gcuid oibre amach anseo. Cuireann an méid sin go mór le heispéireas foghlama agus scileanna beatha ár gcuid daltaí.

An Ciste um Bharr Feabhais Scoileanna

Roghnaíodh ceann dár scoileanna don togra seo, arb é is aidhm dó barr fheabhais agus nuálaíocht a chur chun tosaigh inár scoileanna. Nuálacht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna is ea an Ciste um Bharr Fheabhais Scoileanna-CDSS (CBS-CDSS) arb é is aidhm dó aghaidh ar thabhairt ar an bearna gnóthachtála atá ann idir na páistí is mó míbhuntáiste agus is lú míbhuntáiste ó thaobh an oideachais de. Tacaíonn an togra seo le scoileanna chun moltaí agus cur chuige nua a phlé, a bhaineann go sainsiúil leis an gcomhthéacs agus atá dírithe ar torthaí na bhfoghlaimoirí a fheabhsú.

Guth na nDaltaí

Chuir Dr Domhnall Fleming ceardlann in iúl maidir le tábhacht ghuth na ndaltaí. Phlé sé beartas agus meastóireacht i ndáil le guth na ndaltaí in Éirinn mar chuid den mhéid sin. Rinne sé plé freisin ar straitéisí chun páirt a thabhairt do ghuth na ndaltaí i scoileanna.

Cosaint Leanaí

Leanann BOOMSL de thacú le cur chun feidhme na Treorach Náisiúnta Thús Áite do Leanaí um Chosaint agus Leas Leanaí 2017 agus an Beartas um Chosaint Leanaí le aghaidh Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017 ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Mar chuid de sin, cuirtear oiliúint agus tacaíocht ar fáil agus déantar beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt.

Comhdháil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí

Bhí Comhdháil Bhliantúil BOOÉ do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí ar siúl i gCeatharlach ag deireadh mhí Eanáir 2019. **Ceannaireacht na gCeannairí agus Barr Fheabhais inár Scoileanna a bhí mar théama aici.** D'fhreastail Príomhoidí agus Leas-Príomhoidí ó scoileanna BOOMSL ar an ócáid.

Tuarascálacha Iniúchta

Rinne Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna roinnt iniúchta i scoileanna BOOMSL in 2019. Foilsíodh na tuarascálacha seo a leanas ar shuíomh ghréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Dáta	Scoil	Cineál Cigireachta
01/03/2019	Coláiste Dháibhéid	Measúnú Scoile Iomláine
04/06/2019	Scoil Ghairmoideachais Charraig Álainn	Measúnú Scoile Iomláine
19/09/2019	Coláiste Chomáin	Ábhar-Matamaitic
11/06/2019	Coláiste Bhreandáin	Ábhar-Béarla
Dáta	Scoil	Cineál Cigireachta
06/06/2019	Coláiste Phádraig	Ábhar-Gnó
20/11/2019	Coláiste Loch Aillionn	Ábhar-Gnó & Cuntasaíocht
03/12/2019	Iar-bhunscoil na Gráinsí	Ábhar-Corpoideachas
03/12/2019	Iar-bhunscoil na Gráinsí	Ábhar-Ábhar Ghnó (Gnó, Eacnamaíocht & Cuntasaíocht)
29/01/2019	Coláiste Bhéal Átha an Fhóid	Ábhar-Béarla
11/06/2019	Coláiste Moyne	Measúnú Cláir-ATF
16/05/2019	Coláiste Naomh Tiernan	Measúnú Cláir-Idirbhliain Rogha Bliana (Idirbhliain)
31/05/2019	Coláiste Pobail Acla	Measúnú ar Phleanáil Beartas um Fheabhas i Scoileanna CDSS
07/02/2019	Coláiste na Maighne	Measúnú ar Phleanáil Beartas um Fheabhas i Scoileanna CDSS

Cuireann BOOMSL fáilte mhór roimh an tacaíocht agus aiseolas arna gcur ar fáil ag an gCigireacht.

Cinneadh sna tuarascálacha iniúchta go raibh caighdeán na múinteoireachta agus foghlama an-mhaith agus tugadh ardmholadh do bhainistíocht na scoileanna as a dtiomantas do chúram agus leas na ndaltaí. Luaigh na cigirí go raibh caighdeán na ceannaireachta agus bainistíochta go maith ar an iomlán, agus gur léir go raibh cleachtais ceannaireachta agus bainistíochta an-éifeachtúla i bhfeidhm i réimsí amhail ceannaireacht ar mhúinteoireacht agus foghlaim agus cáilíocht bainistíochta a fhorbairt.

Clár Críochnaithe Scolaíochta Mhaigh Eo Thuaidh agus Theas

Tá Clár Críochnaithe Scolaíochta Mhaigh Eo Thuaidh agus Theas (CCS) mar chuid den tSeirbhís Tacaíochta Oideachais agus Leasa Tusla (STOT) comhtháite. Is é is aidhm dó ná tionchar dearfach a imirt ar an líon daltaí a choinnítear i mbunscoileanna agus meánscoileanna agus ar an líon daltaí a éiríonn leo an tsraith shinsearach a chríochnú.

Tá an Clár dírithe ar dhaoine óga ar aois scoile, ar scoil agus lasmuigh den scoil chun tacaíochtaí a chur ar fáil dóibh chun dul i ngleic le héagothroimí i rochtain ar an oideachas, páirt a ghlacadh in oideachas agus torthaí. Tá sé bunaithe ar an modh tionscadail agus tá cur chuige comhtháite aige lena n-áirítear bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, tuismitheoirí agus na gníomhaireachtaí reachtúla, deonacha, agus pobail ábhartha i ngach ceantair áitiúil.

Tá an CCS dírithe ar thacaíochtaí agus idirghabhálacha a chur ar fáil do na daltaí sin chun go mbeidh siad in ann a n-oideachas fhoirmiúil a chríochnú. Cuirtear daltaí ar aghaidh chuig na cláir trí Phróiseas Chur ar Aghaidh iontógála an CCS. Déantar a gcuid riachtanais a mheas agus cuirtear idirghabhálacha ilchineálacha gearra dírithe ar fáil sa chlár chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin

Áirítear leis sin Tacaíocht aonair, cláir grúpoibre bunaithe ar fhadhbanna, cláir meantóireachta, clubanna bricfeasta, clubanna obair bhaile, clubanna tar éis am scoile, tacaíocht aonair do dhaltaí, tacaíochtaí teiripe amhail comhairleoireacht agus teiripe ealaíne, teagaisc breise, cláir aistrithe agus campaí samhraidh

Is é BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma a oibríonn Clár Críochnaithe Scolaíochta Mhaigh Eo Thuaidh agus Theas agus déanann Coistí Bainistíochta Áitiúla bainistíocht ar an gclár, le hionadaithe ó scoileanna, seirbhísí óige agus gníomhaireachtaí eile sna cheantair.

Is é is aidhm don CCS:

- Daoine óga a choinneáil sa chóras oideachais fhoirmiúil go dtí go gcríochnaítear an tSraith Shinsearach, nó a comhionann.
- Caighdeán an oideachais a fhaigheann páistí agus daoine óga sonraithe sa phróiseas oideachais a fheabhsú, agus a rannpháirtíocht a fheabhsú.
- Gach páirtí leasmhar ábhartha (an teaghlach, an scoil, an pobal óige, reachtaíochta agus deonach) a thabhairt le chéile chun dul i ngleic leis an luathfhágáil scoile.

- Tacaíocht dhearfach a chur ar fáil ar scoil d'fhonn míbhuntáiste ó thaobh an oideachais de a chosc.
- Spreagadh a thabhairt do dhaoine óga a d'imigh ón gcóras oideachais filleadh ar scoil.
- Dea-thionchar a imirt ar beartais ag baint le luathfhágáil scoile sa chóras oideachais a chosc.

Tá trí mheánscoil bainteach le CCS Mhaigh Eo Theas, is iad sin;

- Coláiste Dháibhéid, Caisleán an Bharraigh
- Scoil Mhuire agus Pádraig, Béal Átha na Muice
- Coláiste Pobail Acla, Acaill

Tá ceithre mheánscoil bainteach le CCS Mhaigh Eo Thuaidh, is iad sin;

- Coláiste Moyne, Béal an Átha
- Coláiste Naomh Tiernan, Crois Mhaoilíona
- Coláiste Bhreandáin, Béal an Mhuirthead
- Gaelcholáiste Chomáin, Ros Dumach

Tá dhá bhunscoil sa chlár freisin, is iad sin;

- Scoil Íosa, Baile an Átha
- Scoil Phádraig, Baile an Átha

Foireann an Chláir Críochnaithe Scolaíochta:

- Comhordaitheoir Áitiúil CCS Mhaigh Eo Thuaidh; Sheila Feeney
- Oibritheoirí Tionscadail CCS Mhaigh Eo Thuaidh; Roisin Heavey & Kelley O Malley
- Riarthóir CCS Mhaigh Eo Thuaidh; Cathy Jordan
- Comhordaitheoir Áitiúil CCS Mhaigh Eo Theas; Sarah Sheridan
- Oibritheoir Tionscadail CCS Mhaigh Eo Thuaidh; Avril Dempsey

Clár Críochnaithe Scolaíochta Shligigh

Tá Clár Críochnaithe Scolaíochta Shligigh bainistithe ag Coiste Bainistíochta Áitiúil déanta suas de phríomhoidí scoile áitiúla agus comhordaitheoirí obair óige.

Is é is aidhm dó ná tacaíocht a chur ar fáil do pháistí i Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna agus baol ann, go ginearálta, go bhfágfaidh siad scoil go luath. Tá baint ag formhór na scoileanna le scoileanna CDSS (Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh). Tá trí scoil BOO páirteach i Sligeach, Coláiste Pobail Bhéal Átha an Fhóid, Coláiste Corran agus Coláiste Iascaigh. Tá an clár dírithe ar thart ar 60 páiste ar an iomlán sna trí scoil.

Tá comhordaitheoir, riarthóir páirtaimseartha agus triúir oibrítitheoirí tionscadail fostaithe ag Clár Críochnaithe Scolaíochta Shligigh. Caitheann na hoibrítitheoirí tionscadail lá / lá go leith in aghaidh na seachtaine sna scoileanna agus oibríonn siad le páistí sonraithe. D'fhéadfadh obair duine le duine nó obair i ngrúpaí beaga a bheith i gceist leis sin. Cabhraíonn siad freisin le gníomhaíochtaí amhail clubanna obair bhaile, clubanna cluichí, srl. Is iad foireann cúraim na scoile a chuireann an liosta páistí sonraithe le chéile agus déanann coiste bainistíochta áitiúil an Chláir Críochnaithe Scolaíochta faomhú air.

Déanann an coiste bainistíochta áitiúil bainistiú agus faomhadh ar an maoiniúcháin, agus tugtar maoiniúchán do scoileanna bunaithe ar an spriocliosta acu agus ar a n-idirghabhálaithe beartaithe.

Breisoideachais agus Oiliúint (BO)

Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna a Fhorbairt i BOOMSL

Cuireann BOOMSL réimse leathan clár BO ar fáil sa cheantar. Is é is aidhm do gach soláthar BO agus gach seirbhís gaolmhar ná na riachtanais oideachais agus oiliúna ag daoine ar leith, bíodh siad fostaithe nó dífhostaithe, agus riachtanais gnó agus eacnamaíocha fostóirí sa réigiún a chomhlíonadh.

Luíonn an freagracht feidhmiúcháin as soláthar BO BOOMSL a bhainistiú leis an nGrúpa Ceannairí BO agus Príomhoidí CIA, a bhfuil maoirseacht aige ar gach soláthar BO BOOMSL.

I BOOMSL, tá na foghlaimoirí agus an meitheal oibre i gcoilár na heagraíochta. Tá thart ar 650 duine fostaithe ag BOOMSL faoi láthair chun breisoideachas agus oiliúint agus seirbhísí gaolmhara a chur ar fáil sa cheantar.

Déantar cur síos sa tábla thíos ar an mbainistíocht gaolmhara agus ar na grúpaí maoirseachta.

PF & An Grúpa Stiúrthóirí	An Grúpa um Cheannaireacht sa Bhainistíocht	An Grúpa Ceannairí BO & Príomhoidí CIA	An Grúpa Dearbhaithe Cáilíochta	An Coiste Faomhaithe Clár
Príomhfheidhmeannach	Príomhfheidhmeannach	Stiúrthóir BO	Stiúrthóir BO	Stiúrthóir BO
Stiúrthóir BO	Stiúrthóir BO	3 Oifigeach Oideachais d'Aosaigh	Oifigigh Oideachais d'Aosaigh	Oifigigh Oideachais d'Aosaigh
Stiúrthóir TFE	Stiúrthóir TFE	Bainisteoir Oiliúna Limistéir	Bainisteoir Oiliúna Limistéir	Bainisteoir Oiliúna Limistéir
Stiúrthóir na Scoileanna	Stiúrthóir na Scoileanna	3 Bhainisteoir Oiliúna Cúnta	Bainisteoirí Oiliúna Cúnta	Bainisteoir Oiliúna Cúnta
	Oifigeach Leas-Phríomhoide Airgeadais	9 bPríomhoide Iar-Ardteistiméireachta	Oifigigh um Cháilíocht Oiliúna	Oifigigh um Cháilíocht Oiliúna
	Oifigeach Leas-Phríomhoide AD		Ceannaire Fhoireann an Chórais um Bhainistiú Cáilíochta	Ceannaire Fhoireann an Chórais um Bhainistiú Cáilíochta
	Oifigeach Leas-Phríomhoide Seirbhísí Corparáideacha		Foireann Dhearbhu Cáilíochta BO BOOMSL	Foireann Dhearbhu Cáilíochta BO MSL
	Bainisteoir Oiliúna Limistéir			

	Oifigigh Oideachais d'Aosaigh			
--	-------------------------------------	--	--	--

Spriocanna Earnála 2017 – Spriocanna Soláthair 2020 don Earnáil BO	
•	Ardú 10% ar an líon foghlaimeoirí a bhainfidh fostaíocht amach.
•	Ardú 10% ar an líon foghlaimeoirí a rachaidh ar aghaidh go dtí an ard-oideachas.
•	Ardú 10% ar an ráta deimhniúcháin i gcúrsaí atá dírithe ar thras-scileanna (soghluaiseacht shóisialta) a fhorbairt.
•	Ardú 10% ar an líon daoine fásta, atá sa tóir ar leibhéil BO, atá ag glacadh páirte san oideachas ar feadh an tsaoil.
•	Ó 2019, ar feadh trí bliana, ardú ar an meán, de 10,000 foghlaimeoir in aghaidh na bliana a mbainfidh cáilíochtaí ábhartha amach.
•	30,500 clárúchán printíseachta agus oiliúna sa thréimhse 2019 go 2020.
•	An straitéis breisoideachais um litearthacht agus uimhearthacht a chur ar fáil, agus na spriocanna a bhaint amach lena n-áirítear seirbhísí scagthástála agus measúnaithe, polasaí BCTE agus feachtas níos fearr.
•	Ardú 10% ar shásamh na bPáirtithe Leasmhara le soláthar BO.

Is é atá mar fhís ag BOOMSL ná oideachas nuálach ar ardchaighdeán agus seirbhísí breisoideachais agus cláir a sholáthar lena gcuirtear deiseanna bunathraitheacha ar fáil d'fhoghlaimeoirí dá mbeatha agus don saol in iarthar na hÉireann. Cuirtear réimse leathan deiseanna oideachais agus oiliúna ar feadh an tsaoil ar fáil le soláthar breisoideachais BOOMSL. Tá BO dírithe ar aon duine atá os cionn 16 mbliain d'aois agus ar mhaith leo scileanna nua a fhoghlaim nó cur le scileanna reatha chun an post ceart a bhaint amach, chun dul ar aghaidh do dtí an tríú leibhéal nó chun spriocanna pearsanta a bhaint amach. Déantar cur síos ar an Misean, Fís agus Spriocanna straitéiseacha ó 2019 go 2022 i ráiteas straitéiseach uileghabhálach BOOMSL. Urramaítear sa ráiteas sin an creat ar a bhfuil an obair i ngach scoil agus ionad bunaithe.

Tá Bunluachanna BOOMSL mar bhonn ag an Misean, Fís agus Spriocanna seo thíos:

- **Dírithe ar an bhfoghlaim** – Seirbhísí oideachais agus oiliúna proifisiúnta, ar ardchaighdeán ar fáil atá dírithe ar an bhfoghlaim a chur ar fáil
- **Proifisiúnta** – Meas a léiriú ar gach duine agus cloí leis na prionsabail rialachais; páirt a ghlacadh i FGL; athbhreithniú a dheánamh ar na cleachtais oibre agus feabhas a chur leo
- **Comhiarracht** – Oibirí i gcomhar le comhghleacaithe, páirtithe leasmhara agus foghlaimoirí agus feabhas a chur ar an gcumarsáid le foghlaimoirí agus comhghleacaithe
- **Réamhghníomhach** – Díriú ar réitithe a aimsiú, a bheith solúbtha agus oscailte do smaointe nua agus cur le freagrúlacht na seirbhísí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na bhfoghlaimoirí agus na bpáirtithe leasmhara
- **Cáilíocht** – Leanúint leis an obair i ndáil leis an gcur chuige agus caighdeán d'fhonn seirbhísí a fheabhsú; measúnú a dhéanamh ar chórais, cleachtais oibre agus cláir chun deiseanna feabhais a aithint agus a chur i gcrích.

Cláir Breisoideachais agus Oiliúna

Le linn 2019, chuir BOOMSL cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil i réimse staidéir leathan do dhaoine mór éagsúil foghlaimeoirí aosta agus iar-dara leibhéal. Cuireadh an BO sin ar fáil i bhfoirm ranganna lae agus oíche, agus na cláir seo a leanas ar áireamh;

Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta (CIA) Bíonn cúrsaí iar-ardteistiméireachta ar siúl i scoileanna agus coláistí ar fud Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. Cúrsaí lánaimseartha is ea iad agus maireann siad ar feadh bliana de ghnáth, bíonn deis ann bliain bhreise a dhéanamh agus cáilíocht breise a bhaint amach i roinnt cúrsaí. Déantar meascán d'obair phraiticiúil, obair acadúil agus taithí oibre. Tá na cúrsaí iar-Ardteistiméireachta a chuirtear ar fáil ag Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma cáilithe ag leibhéal 5 agus 6 ag DCCÉ, agus tá cáilíochtaí amhail ITEC, CIBTAC agus CIDESCO ar fáil i roinnt ionaid.

Printíseachtaí Is iad printíseachtaí an bealach aitheanta a gcuirtear daoine faoi oiliúint le bheith ina gceardaithe in Éirinn. Bíonn 3 thréimhse sa seomra ranga agus 4 thréimhse ar an obair i gceist leis an gcóras printíseachta de ghnáth. Maireann printíseacht ceithre bliana de ghnáth. In 2019, sheolamar an printíseacht sa Cheirdbhuistíreacht tar éis thréimhse forbartha fhadálach. Tá gach printíseach nua mar aon leis na tréimhsí sa seomra ranga sa phrintíseach Commis Chef agus sa phrintíseach nua TFC á gcur ar fáil ag BOOMSL.

Cúrsaí Oiliúna Soláthraíonn cúrsaí oiliúna oiliúint phostsonrach a bhfuil oiliúint dhíreach agus tréimhse shuntasach d'Fhoghlaim Obairbhunaithe (FOB) le fostóir mar chuid dóibh. Tá Cúrsaí Oiliúna Náisiúnta ar fáil thar réimse leathan ábhar. Bíonn cúrsaí oiliúna ar fáil go lánaimseartha ó cheann ceann na bliana chun tacú leo siúd atá ag dul leis an lucht saothair agus dóibh siúd atá ag obair ar mhaith leo cur lena gcuid scileanna nó scileanna nua a fhoghlaim. Bíonn mórcháilíochtaí ag leibhéal 4 go 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochta i gceist ag deireadh gach cúrsa. Maireann cúrsaí oiliúna naoi mí de ghnáth.

An Scéim Deiseanna Gairm-Oiliúna (SDGO) Idirghabháil i margadh fostaíocht na hÉireann le tacaíocht ó Chiste Sóisialta na hEorpa is ea an Scéim Deiseanna Gairm-Oiliúna, a bhfuil sé mar aidhm aige, mar spriocghrúpa, daoine dífhostaithe atá tar éis a bheith ar Chlár na nDífhostaithe ar feadh sé mhí ar a laghad, ach nach bhfuil íocaíocht cáilithe á fháil acu don thréimhse sin, a chumasú oideachas agus oiliúint a rochtain d'fhonn leanúint ar aghaidh chun fostaíocht a bhaint amach.

An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO) Cuirtear cláir Breisoideachais páirtaimseartha ar fáil do dhaoine óga agus daoine fásta leis an TFO. Is é is aidhm don tionscnamh ná deis a thabhairt do dhaoine filleadh ar an oideachas agus iad ag plé leis an teaghlach, obair agus le freagrachtaí eile. Cuirtear cláir ar fáil ar bhonn páirtaimseartha, ar maidin, um thráthnóna nó istoíche ar fud Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma.

Bunoideachas do Dhaoine Fásta Is féidir le Foghlaimeoirí Aosta leas a bhaint as ranganna léitheoireachta, scríbhneoireachta, litrithe, TF agus matamaitice laethúla i ngrúpaí beaga. Tosaíonn gach rang ag an tús agus leanfar leis an obair ar luas an fhoghlaimeora. Is féidir le foghlaimeoirí aosta leas a bhaint freisin as ranganna litearthachta a bhfuil téama acu, mar

shampla an tsláinte, cócaireacht, gairneolaíocht agus cothabháil gluaisteáin agus iad ag cur feabhais lena scileanna litearthachta.

Foghlaim Teaghlaigh Tugtar an deis do thuismitheoirí cur lena gcuid scileanna féin agus cur lena gcumas cabhrú lena gcuid páistí agus iadsan ag foghlaim.

Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE) Le BCTE cabhraítear le daoine fásta feabhas a chur ar a mBéarla labhartha agus scríofa.

Litearthacht do Dhaoine Fásta Is cuid den tSeirbhís Bunoideachais do Dhaoine Fásta é Litearthacht do Dhaoine Fásta. Cuirtear teagasc litearthachta agus uimhearthachta i dtimpeallacht thacúil ar fáil do dhaoine fásta ar mhaith leo a gcuid scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, litrithe, matamaitice, agus teicneolaíochta laethúla a fheabhsú.

Diantheagasc sa Bhunoideachas Do Dhaoine Fásta Cúrsa 14-sheachtaine is ea Diantheagasc sa Bhunoideachas do Dhaoine Fásta ina dtugtar an deis don bhfoghlaimoir a bhunscileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta agus uimheachta a fheabhsú go dian.

Oideachas Pobail Is éard atá i gceist le hoideachas pobail ná oideachas agus foghlaim do dhaoine fásta a tharlaíonn lasmuigh den earnáil oideachais fhoirmiúil. Is é is aidhm dó ná tacú le pobail agus iad a chumasú. Tá sé bunaithe go smior sa phobal, agus grúpaí áitiúla ina gcoirlár agus iad freagrach as cúrsaí a eagrú agus ábhar cláir a roghnú. Tugtar deis do dhaoine fásta atá faoi mhíbhuntáiste rochtain a fháil ar oideachas pobail ar chostas íseal, nó gan chostas ar bith.

Oiliúint Sainscileanna Maireann na cúrsaí seo sé mhí de ghnáth agus is é is aidhm dóibh ná aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnó agus tionsclaíochta thar réimse earnálacha. De ghnáth, cuirtear cáilíochtaí ag leibhéal 4 – 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochta nó Cáilíocht tionsclaíochta ó fhoras aitheanta creidiúnaithe seachtrach ar fáil. Bíonn cúrsaí lánaimseartha i gceist agus bíonn siad ar siúl i gcaitheamh na bliana chun freastal orthu siúd atá sa tóir ar fhostaíocht don chéad uair agus orthu siúd ar mhian leo scileanna nua a fhoghlaim nó cur lena scileanna chun a gcuid deiseanna fostaíochta a fheabhsú amach anseo.

Ógtheagmháil Is clár oideachais agus oiliúna agus taithí oibre é Ógtheagmháil do luathfhágálaithe scoile, idir 16 agus 20 bliain d'aois, a chuirtear ar fáil i suíomh lasmuigh den scoil. Is é atá mar aidhm ag Ógtheagmháil na príomhscileanna atá de dhíth don oideachais bhreise a fhorbairt, agus daoine óga a ullmhú ionas go mbeidh siad in ann tairbhe a bhaint as breisoideachas/oiliúint nó fostaíocht a aimsiú. Tá ceithre ionad Ógtheagmhála á n-oibriú ag BOOMSL, trí cinn i Maigh Eo agus ceann amháin i Sligeach. Cuirtear réimse deiseanna cáilíochta ar fáil d'fhoghlaimeoirí sna hionaid seo, Teastas Sóisearach, Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus roinnt cáilíochtaí DCCÉ eile idir leibhéal 2 go 5 ar an gcreat náisiúnta cáilíochtaí.

Ionaid Oiliúna Pobail Cuireann BOOMSL oiliúint phobalbhunaithe ar fáil do luathfhágálaithe scoile mar chuid den chlár náisiúnta Ógtheagmhála. Eagraíochtaí neamhspleácha, bunaithe sa phobal is iad na hIonaid Oiliúna Pobail a sholáthraíonn tacaíochtaí oiliúna agus gaolmhara do luathfhágálaithe scoile idir 16 – 21 bliain d'aois, a d'fhág an scoil gan cháilíochtaí foirmiúla. Tá

feabhas á chur ar chláir atá á gcur ar fáil san ionad ar mhaithe le níos mó béime a leagan ar fhorbairt scileanna ar dócha go mbeidh siad ag teacht le deiseanna fostaíochta áitiúla.

Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla I gcomhpháirtíocht le grúpaí pobalbhunaithe, soláthraíonn BOOMSL raon seirbhísí duinelárnacha, oiliúint réamhghníomhach/seirbhísí a bhaineann le fostaíocht, chun cabhrú le daoine aonair a bheith páirteach sa mhargadh fostaíochta den chéad uair/an arís. Mar aon leis sin, tá sé mar aidhm ag na tionscnaimh seo tacú le hiarrachtaí deireadh a chur le bacainní agus tacaíochtaí a sholáthar, a chinntíonn rochtain ar Chláir, Seirbhísí agus Fostaíocht do dhaoine aonair agus do ghrúpaí atá ag déileáil le heisiamh agus míbhuntáiste sa mhargadh fostaíochta.

Le Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla, cuirtear ar chumas BOOMSL déileáil leis na cuspóirí seo agus ag an am céanna tacaíocht a chur ar fáil d'Eagraíochtaí Pobail/Deonacha chun déileáil le riachtanais áitiúla seirbhíse agus forbartha. Tá na tionscnaimh fréamhaithe sa phobal agus spreagann siad daoine nach mbainfeadh tairbhe as oiliúint phríomhshrutha de ghnáth, b'fhéidir, na scileanna atá acu a fhorbairt agus scileanna nua a fhoghlaim i dtimpeallacht a oireann dá riachtanais áitiúla.

Scileanna don Obair (SDO) Clár náisiúnta is ea Scileanna don Obair (SDO) a bhfuil sé mar aidhm aige deiseanna oiliúna oideachais a chur ar fáil chun cabhrú le fostaithe déileáil leis na héilimh a bhaineann leis na scileanna oideachais bunúsacha sa láthair oibre. D'fhéadfaí go n-áireofaí éagsúlacht ábhar, a thacaíonn le riachtanais oideachais fostaithe, i gcúrsaí SDO. Áirítear le gach cúrsa gnéithe litearthachta agus uimhearthachta comhtháite in éagsúlacht ábhar amhail cumarsáid, mata, ríomhaireacht, léitheoireacht, scríbhneoireacht, litriú agus scileanna forbartha pearsanta. Tá na cúrsaí deartha agus á gcur ar fáil ar bhealach solúbtha agus inoiriúnaithe chun freastal ar riachtanais an fhostóra agus an fhostaí. Is féidir cúrsaí a chur in oiriúint do riachtanais sa láthair oibre. De ghnáth, bíonn tréimhse thart ar 35 uair an chloig i gceist le gach cúrsa, agus d'fhéadfadh creidiúnú DCCÉ ag Leibhéal 3 a bheith ag gabháil leo.

Glúin an Cheoil Seirbhísí oideachais ceoil is iad Glúin Cheoil Mhaigh Eo, Glúin Cheoil Shligigh agus Glúin Cheoil Liatroma atá dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga, idir 0-18 mbliana d'aois. Tá siad mar chuid den Ghlúin Cheoil – Clár Oideachais Ceoil Náisiúnta na hÉireann, a thionscain Music Network, agus atá comhfhoinnithe ag U2, The Ireland Funds, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil áitiúla, (CCanna). Tá gach seirbhís á bainistiú go háitiúil ag Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil ina gcontaetha féin, faoi cheannaireacht an phríomhchomhpháirtí, BOOMSL.

Ionaid Oideachais Allamuigh Tá dhá Ionad Oideachais Allamuigh ag BOOMSL, ceann in Acaill, Co. Mhaigh Eo agus ceann i mBaile na gCléireach, Co. Liatroma. Ba é Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Acla, a bunaíodh in 1971, a spreag forbairt 11 ionad BOO eile ar fud na tíre, agus an tionscal allamuigh ar fud na tíre. Forbraíonn an t-ionad cláir shaincheaptha, trí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí eachtraíochta agus an timpeallacht allamuigh chun forbairt fhisiciúil, shóisialta agus intleachtúil rannpháirtithe a spreagadh. Áirítear i measc na rannpháirtithe scoileanna BOOMSL, mar aon le hionaid oideachais agus institiúidí dara agus tríú leibhéal ar fud na tíre. Chomh maith leis sin, freastalaíonn sé ar ghrúpaí óige agus ar bhaill den phobal i gcoitinne atá os cionn seacht mbliana d'aois.

Cuirtear raon cláir chomhshaoil ar fáil san ionad freisin, lena n-áirítear staidéir allamuigh céad leibhéal agus dara leibhéal agus ceardlanna éiceolaíochta.

Cuirtear Cúrsa Oiliúna Allamuigh/ Comhshaoil leibhéal 5 ar fáil in IOOA Acla. Is é is aidhm don chlár seo ná foghlaimoirí a ullmhú le haghaidh slí beatha san earnáil oideachais Allamuigh/ Chomhshaoil. Áirítear leis na príomh-mhodúil cáilíochtaí lóisteála sa tSléibhteoireacht/ Cadhcáil agus modhanna agus measúnaithe san Éiceolaíocht agus sa Staidéar Allamuigh.

Ina theannta sin, reáchtálann BOOMSL Cúrsa Áineasa & Aclaíochta, DCCÉ Leibhéal 6 & Spóirt agus Áineas Allamuigh DCCÉ Leibhéal 5 i gcomhar le hIonad Gníomhaíochtaí Allamuigh "Eachtraíocht Loch Aillionn" i mBaile na gCléireach, Co. Liatroma.

Cúrsaí oíche agus ranganna oíche féinmhaoinithe Cuireann BOOMSL ranganna oíche ar fáil i roinnt ionad sna trí chontae. Tá na ranganna seo dírithe ar aosaigh ar mian leo cur lena gcáilíochtaí, scil nua a fhoghlaim nó níos mó a fhoghlaim faoi nithe a bhfuil spéis acu iontu. Féadfaidh duine ar bith tabhairt faoi chúrsa oíche (fostaithe agus dífhostaithe), ach tá táille le híoc ag daoine atá fostaithe. Ní mór do chliant a mbeidh táillí á n-íoc acu iarratas a sheoladh chuig an scoil/ionad. Is féidir le daoine dífhostaithe teagmháil a dhéanamh lena nOifig Seirbhísí Fostaíochta RCD áitiúil chun eolas a fháil maidir lena bhfuil siad incháilithe chun cúnamh a fháil le táillí a íoc.

Clár Athlonnaithe Dídeanaithe Tá BOOMSL ag obair le hÚdaráis Áitiúla (tríd an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúla) agus páirtithe leasmhara eile chun seirbhísí a aithint agus a chur ar fáil do shaoránaigh go ginearálta agus, go sonrach, do ghrúpaí imeallaithe agus i gcontúirt, e.g. dídeanaithe i ngach ceann de na trí chontae agus tionscnaimh nua chun cabhrú le grúpaí den Lucht Siúil.

Obair don Óige Tá acmhainn obair don óige BOOMSL maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ). Is é is aidhm ag BOOMSL sa chomhthéacs seo ná:

“Tacú le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú seirbhísí obair don óige ina réimse feidhme agus eolas a d'fhéadfadh a bheith á lorg ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir lena leithéid tacaíochta a chur ar fáil”. (An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, Alt 10(1)(j)).

Cuimsíodh an méid seo a leanas i ngníomhaireachtaí BOOMSL i ndáil le hobair don óige in 2019:

- Scéim Deontas na gClub Óige Áitiúil a riaradh do chlubanna óige faoi threoir oibrithe deonacha
- Na Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta a chur chun feidhme do Ghrúpa Óige faoi Threoir Oibrithe Deonacha agus Creat na gCaighdeán Náisiúnta Cáilíochta don Earnáil Óige
- Maoiniúchán ar thionscadail óige a riaradh, lena n-áirítear maoiniúchán faoin Scéim Maoiniúcháin Dhírithe don Óige, Scéim Maoiniúcháin Athbhreithnithe don Óige, scéim um Ionaid Eolais don Óige, tionscadail de chuid Thascfhórsa Réigiúnach an Iarthuaiscirt um Drugaí agus Alcól (maoinithe ag an Roinn Sláinte), Comhairle na nÓg (i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Shligigh) agus foinsí maoiniúcháin eile.
- Tionscnaimh Mheabhairshláinte don Óige i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim

- Tionscnamh Infhostaitheachta don Óige RLGÓ a riaradh
- Rannpháirtíocht na hóige trí thacaíocht ó Chomhairlí na nÓg i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim.

Mar aon leis na seirbhísí thuasluaite, thacaigh BOOMSL le gníomhaíochtaí obair don óige a chomhordú le seirbhísí eile trína rannpháirtíocht i 21 coiste idirghníomhaireachta. Go suntasach, áiríodh Coistí Seirbhísí Leanaí agus Óige agus a bhfo-struchtúir éagsúla i ngach contae leis an méid sin. D'imir Oifigigh don Óige BOOMSL, lena rannpháirtíocht sna grúpaí sin, ról tábhachtach le linn na bliana le cur chuige comhpháirtíochta i ndáil leis na spriocanna a leagtar amach in *Better Outcomes, Brighter Futures: The National Policy Framework for Children and Young People, 2014-2020* a bhaint amach.

Go suntasach in 2019, faoin bPlean um Athchóiriú an Óige ó RLGÓ, rinneadh Próifiliú Ceantair, Riachtanais Seirbhísí agus Measúnú Riachtanais i ndáil le gach tionscadal a maoiníodh faoin Scéim Maoiniúcháin Dírithe don Óige / Scéim Maoiniúcháin Athbhreithnithe don Óige. Leis an bpróiseas seo aithníodh agus léiríodh riachtanais daoine óga agus tagairt á dhéanamh do na tionscadail mhaoinithe atá ann cheana. Cuireann an obair sin le cur i bhfeidhm na scéime nua *UBU Your Place Your Space*, a seoladh i mí na Nollag 2019.

Ina theannta sin, sa cheathrú ráithe de 2019, aistríodh an fhreagracht riaracháin as gach clár ábhartha atá maoinithe ag an RLGÓ i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim go dtí BOOMSL. Tá méadú suntasach tar éis teacht ar ról BOOMSL i ndáil le riarachán agus maoirseacht ar thionscadail don óige sa réigiún mar thoradh.

Seirbhísí Eile atá á gcur ar fáil ag BOOMSL:

Seirbhís Treorach agus Faisnéise Oideachais Aosaigh

Soláthraíonn an tSeirbhís Treorach agus Faisnéise Oideachais Aosaigh comhairle, treoir agus faisnéis neamhchlaonta agus rúnda d'aosaigh maidir lena gcuid oideachais, oiliúna agus gairmeacha. Tá an tseirbhís dírithe ar dhaoine fásta;

- Atá ag smaoineamh ar fhilleadh ar an oideachas nó leanúint lena gcuid oideachais
- A bhfuil deacrachtaí acu fostaíocht oiriúnach a aimsiú nó a choinneáil mar gheall ar easpa cáilíochtaí oideachais cuí
- Ar mian leo tabhairt faoi fhoirmeacha nua de bhreiseoideachas nó oiliúint atá ar fáil i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim.

Comhoibriú le hinstiúidí eile

Tá meabhrán tuisceana idir BOOMSL agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS) i réigiún an iarthair agus an iarthuaiscirt. Is é is aidhm don Chreat seo ná naisc níos struchtúrtha a bhunú idir RGFCS agus BOOMSL ag leibhéal náisiúnta, rannach agus ceantair. Éascaíonn an creat seo sonraí a mhalartú idir na heagraíochtaí agus cliant a atreorú chuig idirghabhálacha oiriúnacha oideachais agus oiliúna atá á gcur ar fáil ag an BOO. Is é an cuspóir atá ann ná an t-eolas, na scileanna, inniúlachtaí agus tacaíochtaí a chur ar fáil do chliaint RGFCS chun cabhrú leo post a fháil nó tabhairt faoin mbreiseoideachas agus oiliúint, más iomchuí. Áirítear ar na cuspóirí sonracha atá comhaontaithe;

- Oibríonn BOOMSL go gníomhach lenár 3 Údarás Áitiúil - Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim - ar thionscnaimh chomhpháirteacha, agus glacann sé páirt ghníomhach sna Coistí Forbartha Pobail Áitiúla.
- Glacann BOOMSL páirt i ngrúpaí eile náisiúnta agus áitiúla chun seirbhísí oideachais, oiliúna agus don óige, agus forbairt an cheoil a chur chun cinn.
- Tá BOOMSL páirteach i Meabhráin Chomhthuisceana le IT Shligigh agus IT na Gaillimhe agus Mhaigh Eo chun rochtain a éascú d'iarratasóirí agus chun deiseanna dul chun cinn a chur ar fáil.

Rannpháirtíocht Fostóirí

Tá Grúpa Rannpháirtíochta Fostóirí agus bunachar sonraí fostóirí bunaithe ag BOOMSL. Tá BOOMSL ag leanúint ag comhoibriú le fostóirí, grúpaí fostóirí (IBEC, ACBI, CIF, IHFRAI, etc.), Fóraim Réigiúnacha Scileanna (FRS), soláthróirí oideachais, gníomhaireachtaí stáit (SOLAS, IDA, Fiontraíocht Éireann, OFAanna, etc.) agus páirtithe leasmhara eile. Faoi láthair, tá struchtúr á forbairt ag BOOMSL chun córas cumarsáide idirghníomhach eagraithe agus bainistithe dhá bhealach idir fostóirí agus an BOO a chumasú.

Soláthar BO a Chomhthathú

Bhain dúshlán agus deis le bunú BOOanna agus le cruthú earnáil chomhtháite BO, ina a bhfuil tuiscint shoiléir maidir le cúrsaí agus clár atá deartha chun daoine a ullmhú le tabhairt faoin bhfostaíocht agus / nó breis staidéir a fhorbairt agus chur ar fáil.

Áiríodh i measc sheirbhís BO a chuir BOOMSL ar fáil i rith na tréimhse seo cláir chomhordaithe a fhorbairt atá dírithe ar chlár a chur ar fáil a sheachnaíonn dubailt, a fheabhsaíonn rochtain do dhaoine aonair, a fheabhsaíonn ábharthacht d'fhostóirí, agus a choinníonn agus a mhéadaíonn cáilíocht na gclár atá ar fáil.

Cuireann BOOMSL cláir pháirtaimseartha agus lánaimseartha ar fáil faoi na trí chatagóir straitéiseacha:

Cláir BO atá dírithe ar an Margadh Fostaíochta go príomha	Oiliúint Printíseachta Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla CIA Oiliúint Sainscileanna Cláir Oiliúna VTOS
Cláir BO atá dírithe ar an Dul Chun Cinn go príomha	Ógtheagmháil Oiliúint Nasctha agus Bonnoiliúint Ionaí Oiliúna Pobail Cláir Sainoiliúna Grúpaí TFO Scileanna don Obair
Cláir BO atá dírithe ar Shoghluaisteacht Shóisialta (Tras-Scileanna Aonair) go príomha	Litearthacht Aosaigh BCTE Uaireanta Comhoibrithe BO DTOBA Athlonnú Dídeanaithe Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Sonraí Teagmhála

PRÍOMHOIFIG, MHAIGH EO

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
An Baile Nua
Caisleán An Bharraigh
Co. Mhaigh Eo
23 DV78

Teil: +353 (0)94 902 4188 **Facs:** +353 (0)94 902 4187 **Ríomhphost:** infomayo@msletb.ie

SLIGEACH

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma,
Sráid Na Cé
Sligeach
91 XH96

Teil: +353 (0)71 91 94800 **Facs:** +353 (0)71 91 44121 **Ríomhphost:** infosligo@msletb.ie

LIATROIM

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma,
Ardán Sheoirse Naofa
Cora Droma Rúisc
Co. Liatroma
N41 W2X7

Teil: +353 (0)71 96 20024 **Facs:** +353 (0)71 96 21362 **Ríomhphost:** infoleitrim@msletb.ie

SUÍOMH GRÉASÁIN

<http://msletb.ie>

Gluais

TFO	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
C&AG	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Cistí
PF	Príomhfheidhmeannach
FGL	Forbairt Gairmiúil Leanúnach
IOP	Ionad Oiliúna Pobail
ROE	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
RCS	An Roinn Coimirce Sóisialaí
BCTE	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
BO	Breisoideachas agus Oiliúint
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide
CFPÁ	Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
TOÁ	Tionscnamh Oiliúna Áitiúla
CC	Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil
BOOMSL	Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
LNTD	An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
CNC	An Creat Náisiúnta Cáilíochta
CCCN	Creat na gCaighdeán Cáilíochta Náisiúnta don Earnáil Oibre don Óige
CIA	Cúrsa iar-Ardteistiméireachta
DCCÉ	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
CCS	An Clár Críochnaithe Scolaíochta
RCS	Riachtanais Speisialta Oideachais
SDO	Scileanna don Obair
CSÁS	Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Shligigh
SDG	Seirbhísí Do Ghnó
IB	Idirbhliain
CGO	Coiste Gairmoideachais
SDOG	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais

Foscúbhinn 1: Scoileanna, Ionaid agus Coistí BOOMSL

SCOILEANNA	SONRAÍ
Maigh Eo	
Coláiste Pobail Acla	Poll Rathnaí, Gob an Choire, Co. Mhaigh Eo, F28CP49 http://colaistepobailacla.ie/
Coláiste Dháibhéid agus Coláiste Breisoideachais Chaisleán an Bharraigh	Gort an Tobair, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, F23 VY15 www.davittcollege.com /An Baile Nua, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, F23 EW84 https://ccfe.ie/
Coláiste Moyne	Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 W884 www.moynecollege.ie
Coláiste Chomáin	Rossport, Co. Mayo, F26 YR99 www.gcr.ie
Coláiste Bhreandáin	Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo, F26 C782 www.stbrendanscollege.com
Coláiste Pobail Naomh Seosamh	Béal Átha na Sróna, Baile Chathail, Co. Mhaigh Eo, F12 WE19 www.sjcc.ie
Coláiste Naomh Pádraig	Lacken Cross, Cill Ala, Co. Mhaigh Eo, F26 NW52 www.lackencross.ie
Coláiste Naomh Tiernan	Crois Mhaoilfona, Co. Mhaigh Eo, F26 WK25 mayosligoleitrim.etb.ie/school/st-tiernans-college/
Coláiste Breisoideachais Chathair na Mart	Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo, F28 TP82 www.westportcfe.ie
Sligeach	
Coláiste Pobail Bhéal Átha an Fhóid agus Coláiste Breisoideachais Shligigh	Bóthar an Ghalltrumpa, Sligeach, F91 DY66 www.ballinodecollege.com / www.sligocfe.ie
Coláiste Iascaigh	Iascaigh, Co. Shligigh, F26 EC56 www.colaisteiascaigh.ie
Iar-Bhunscoil Chúil Dheá	Baile idir Dhá Abhainn, Co. Shligigh, F52 XE71 www.coola.ie
Coláiste Corran	Baile an Mhóta, Co. Shligigh, F56 DP86

	www.corrancollege.com
Iar-bhunscoil na Gráinsí	An Ghráinseach, Co. Shligigh, F91 F722 grangepps.ie
Coláiste Thuaisceart Chonnacht	Tobar an Choire, Co. Shligigh, F91 X883 northconnaughtcollege.net
Liatroim	
Scoil Gairmoideachais Charraig Álainn	Carraig Álainn, Co. Liatroma, H12 TD72 mayosligoleitrim.etb.ie/school/carrigallen-vocational-school
Scoil Gairmoideachais Dhroim Seanbhó	Droim Seanbhó, Co. Liatroma, N41 D623 www.dvs.ie
Coláiste Loch Aillionn	Droim Caorthainn, Co. Liatroma, N41 XT98 www.loughallencollege.ie
Coláiste Pobail Mhaothla	Maothail, Co. Liatroma, N41 YT72 mohillcommunitycollege.ie

IONAID BHREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA	SONRAÍ
Maigh Eo:	
Ionad Oiliúna Bhéal an Átha	Ceathrú an Chaisleáin Thiar, Béal an Átha, F26 P278
Ionaid Breisoideachais Pháirtaimseartha Chlár Chlainne Mhuiris	Lána an tSeipéil, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo, F12 F5W7
Ionad Breisoideachais Acla	Ionad Oideachais Allamuigh Acla, Acaill, Co. Mhaigh Eo, F28 H7F2
SLOG Bhéal Átha na Muice	Béal Átha na Muice, Co. Mhaigh Eo, F12 DC93
SLOG / Ógtheagmháil Bhéal an Átha	Bóthar na hArdeaglaise, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 FEF4
SLOG / Ógtheagmháil Bhaile an Róba / Ionad Breisoideachais Bhaile an Róba	Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo, F31 FK54
Ógtheagmháil Choillte Mach	Coillte Mach, Co. Mhaigh Eo, F12 CK33
Ionad Breisoideachais Bhéal an Mhuirthead	Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo, F26 D8H2
Ionad Breisoideachais Bhéal an Átha	Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 E264
Ionad Breisoideachais Bhéal Átha hAmhnais	Béal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo, F35 A064
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chaisleán an Bharraigh	Caisleán an Bharraigh (Droichead an Rí), F23 FW70
Sligeach:	
Ionad Oideachais Aosaigh, Sligeach	Sráid an Chaisleáin, Sligeach, F91 DK33
Coláiste Bhéal Átha an Fhóid / Coláiste Breisoideachais Shligigh	Sráidbhaile Bhóthar an Ghalltrumpa, Béal Átha an Fhóid, Sligeach
Ionad Oiliúna Shligigh	Baile Uí Theimhneáin, Sligeach, F91 N284
Ógtheagmháil Shligigh	Eastát Tionsclaíochta Chliabhraigh, Sligeach, F91FY68
Liatroim:	
CIA - Mayflower, Droim Seanbhó	Droim Seanbhó, Co. Liatroma, N41 Y8P6
Oideachas Aosaigh - Bee Park Centre, Baile Hamaltúin	Baile Hamaltúin, Co. Liatroma, F91 HCD9
Oideachas Aosaigh - Presentation House, Cora Droma Rúisc	Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma, N41 A2H5
Coláiste Marion	Maothail, Co. Liatroma, N41 CY58

COISTÍ BOO MHAIGH EO, SHLIGIGH AGUS LIATROMA
An Coiste Iniúcháireachta
An Coiste Airgeadais
An Coiste Breisoideachais agus Oiliúna
An Coiste um Obair don Óige
An Coiste Comhairleach Ógtheagmhála
Coiste Comhairleach Ionad Oideachais Allamuigh agus Oiliúna Acla
Tá ionadaithe ag BOOMSL freisin ar Choistí na nInstitiúidí Teicneolaíochta in IT Shligigh, IT na Gaillimhe-Mhaigh Eo agus IT Leitir Ceanainn

Foscríbhinn 2: Faisnéis Airgeadais

Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla BOOMSL don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 faoi réir athbhreithnithe ag an ARC&C tráth fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil BOOMSL don bhliain 2019.

Foilseoidh BOOMSL na ráitis airgeadais agus iniúchadh déanta orthu laistigh de mhí amháin ón am a mbeidh siad faighte ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Coistí.